Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**9124/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0233(NLE)**

**WTO 141**
**AGRI 237**
**UD 145**
**UK 139**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10634/20 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chúba de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT), comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha i ndáil le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach<br>– Glacadh |

1. An 9 Meán Fómhair 2020, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú[1], thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chúba de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT), comhaontú i bhfoirm Malartaithe Litreacha a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, mar aon le togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích[2] an Chomhaontaithe sin.

[1] 10633/20 + ADD 1.
[2] 10634/20 + ADD 1.

2. An 13 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le síniú[3] an Chomhaontaithe. Ag an am céanna, agus i gcomhréir le hAirteagal 218(6)(a)(v) CFAE, chinn an Chomhairle an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 10637/20, mar aon leis an gComhaontú féin[4], a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil, d'fhonn ullmhú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe amach anseo.

3. Síníodh an Comhaontú le Poblacht Chúba an 11 Márta 2021.

4. An 18 Bealtaine 2021, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú chun an Comhaontú a thabhairt i gcrích.

5. An 28 Bealtaine 2021, d'fhormhuinigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir daingniú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   – an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú a thabhairt i gcrích, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 10637/20, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo; agus

   – a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.

---

3 10636/20 (foilsithe in IO L 343, 16.10.2020, lch. 1).
4 10638/20.